2026/2244

7.10.2026

# CINNEADH (AE) 2026/2244 ÓN gCOMHAIRLE

## an 28 Meán Fómhair 2026

## lena gceaptar beirt Ionchúisitheoirí Eorpacha d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') ([2]),

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ([3]),

Ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe agus do rangú na n-iarrthóirí arna tharraingt suas ag an bpainéal roghnúcháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh OIPE le Rialachán (AE) 2017/1939.

(2) Tá na hIonchúisitheoirí Eorpacha chun imscrúduithe agus ionchúisimh a mhaoirsiú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1939.

(3) Trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1117 ón gComhairle ([4]), ceapadh Jaka BREZIGAR agus Andrés RITTER ina nIonchúisitheoirí Eorpacha OIPE ar feadh tréimhse neamh-inathnuaite 6 bliana go dtí an 28 Iúil 2026, tar éis don tSlóivéin agus don Ghearmáin iad a ainmniú, faoi seach.

(4) Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/1751 ón gComhairle ([5]), cuireadh síneadh 3 bliana le sainordú Andrés RITTER mar Ionchúisitheoir Eorpach go dtí an 30 Meitheamh 2029.

(5) Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2026/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), ceapadh Andrés RITTER ina Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach OIPE ar feadh tréimhse neamh-inathnuaite 7 mbliana ón 1 Samhain 2026.

(6) Chun a áirithiú go leanfaidh Coláiste OIPE, ina bhfuil an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus Ionchúisitheoir Eorpach amháin ó gach Ballstát rannpháirteach ag feidhmiú, is gá don Chomhairle beirt ionchúisitheoirí a cheapadh don dá phost sin atá folamh nó a bheidh folamh.

([1]) IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj.
([2]) IO L 282, 12.11.2018, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1696/oj.
([3]) IO L 17, 19.1.2023, lch. 90, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/133/oj.
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1117 ón gComhairle an 27 Iúil 2020 lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 244, 29.7.2020, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1117/oj).
([5]) Cinneadh (AE) 2024/1751 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L, 2024/1751, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1751/oj).
([6]) Cinneadh (AE) 2026/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2026 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L, 2026/800, 1.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/800/oj).

(7) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696, leagtar síos rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ('rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin').

(8) De bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, tá gach Ballstát rannpháirteach le triúr iarrthóirí ar phost an Ionchúisitheora Eorpaigh a ainmniú as measc iarrthóirí atá ina gcomhaltaí gníomhacha de sheirbhís ionchúisithe nó de bhreithiúnacht an Bhallstáit ábhartha, nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu lena gceapadh d'ardoifig ionchúisimh nó bhreithiúnach ina mBallstáit faoi seach, agus a bhfuil an taithí phraiticiúil acu ar chórais dlí náisiúnta, ar imscrúduithe airgeadais agus ar chomhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

(9) Tá triúr iarrthóirí ainmnithe ag an tSlóivéin agus ag an nGearmáin araon don dá phost mar Ionchúisitheoir Eorpach.

(10) Maidir leis an dá phost, dhréachtaigh an painéal roghnúcháin an tuairim réasúnaithe agus an rangú do gach ceann de na hiarrthóirí a chomhlíon na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle iad, a fuair an 22 Iúil 2026 iad do na hiarrthóirí arna n-ainmniú ag an tSlóivéin agus an 30 Iúil 2026 do na hiarrthóirí arna n-ainmniú ag an nGearmáin.

(11) De bhun Riail VII.2, an ceathrú mír, de rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin, rinne an painéal roghnúcháin na hiarrthóirí ar an bpost a rangú de réir a gcáilíochtaí agus a dtaithí. Cuirtear ord rogha an phainéil roghnúcháin in iúl leis an rangú sin agus níl sé ina cheangal ar an gComhairle.

(12) De bhun Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, tar éis di an tuairim réasúnaithe ón bpainéal roghnúcháin a fháil, tá an Chomhairle chun duine de na hiarrthóirí a roghnú agus a cheapadh mar Ionchúisitheoir Eorpach an Bhallstáit rannpháirtigh lena mbaineann.

(13) De bhun Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, tá an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, leis na hIonchúisitheoirí Eorpacha a roghnú agus a cheapadh ar feadh téarma neamh-inathnuaite 6 bliana.

(14) Mheasúnaigh an Chomhairle fiúntais na n-iarrthóirí faoi seach, agus na tuairimí réasúnaithe a chuir an painéal roghnúcháin isteach á gcur san áireamh maidir leis an dá phost.

(15) Ar bhonn measúnú ar fhiúntais na n-iarrthóirí faoi seach, lean an Chomhairle an t-ord rogha neamhcheangailteach a léirigh an painéal roghnúcháin i ngach ceann de na tuairimí réasúnaithe le haghaidh na n-iarrthóirí arna n-ainmniú ag an tSlóivéin agus ag an nGearmáin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas, arna ainmniú ag an tSlóivéin, ina Ionchúisitheoir Eorpach OIPE ar feadh tréimhse neamh-inathnuaite 6 bliana ón 7 Deireadh Fómhair 2026:

Tanja FRANK ELER

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas, arna ainmniú ag an nGearmáin, ina Ionchúisitheoir Eorpach OIPE ar feadh tréimhse neamh-inathnuaite 6 bliana ón 1 Samhain 2026:

Christopher WENZL

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS